AN tSRAITH SHÓISEARACH

Oifig Fiontair Áitiúil

Clár Fiontair
AN SCOLÁIRE

# Bí Fiontrach
# Taifead Foghlama an Scoláire

Eispéireas fiontair do scoláirí na Sraithe Sóisearaí

Caroline McHale



LocalEnterprise.ie

**Nótaí maidir leis an Leabhar Idirghníomhach seo a úsáid.**

**Tabhair faoi deara:** Má chuireann tú an iomarca téacs laistigh de na boscaí sa leabhar seo, ní bheidh an téacs ar fad le feiceáil nuair a dhéanfaidh tú é a phriontáil. Cló isteach an méid is féidir a chur sa bhosca agus é sin amháin.

**Sábháil do chuid oibre go minic!**

Gabhaimid buíochas le COGG (an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta) as ábhar an leabhair saothair seo a aistriú go Gaeilge.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oifig Fiontair Áitiúil

Clár Fiontair
AN SCOLÁIRE

# Bí Fiontrach
# Taifead Foghlama an Scoláire

## Eispéireas fiontair do Scoláirí na Sraithe Sóisearaí

#MakingItHappen

An bhfuil tú réidh a bheith i d'fhiontraí?

Cuirimis tús leis an turas fiontraíoch…

Caroline McHale

# Clár

Leathanach


**Aonad 1** Fiontar ........ 1

**Aonad 2** Giniúint Smaointe ........ 7

**Aonad 3** Obair Foirne agus Cumarsáid ........ 13

**Aonad 4** Taighde Margaidh ........ 21

**Aonad 5** Maoin Intleachtúil ........ 28

**Aonad 6** Táirgeadh ........ 35

**Aonad 7** Cumasc Margaíochta ........ 42

**Aonad 8** Teicneolaíocht & na Meáin Shóisialta ........ 49

**Aonad 9** Costáil, Praghsáil agus Airgeadas ........ 54

**Aonad 10** Póstaer Fiontraíochta ........ 67


## Lean muid ar...

- Studententerpriseprogramme
- @StudentEntProg
- StudentAward
- studententerpriseprogramme
- StudentEnterpriseIE



Aonad 1

# Fiontar

Suíomhanna Gréasáin
www.studententerprise.ie
www.jct.ie

An bhfuil mé réidh le bheith i m'fhiontraí?

Déan é!
Déan an cleachtadh 'Focal s'agam' chun do thuiscint ar fhiontraíocht a léiriú.

## Cleachtadh 'Focal s'agam'

| | |
|---|---|
| **Tabhair míniú ar an bhfocal** | **Míniú le sampla** |
| **Fiontar** | |
| **Cruthaigh íomhá chun fiontar a léiriú** | **An focal in abairt a bhfuil nasc aici le Staidéar Gnó** |

| Fiontar | Fiontraíocht | Fiontraí |
|---|---|---|
| Cumas duine, é ag obair leis féin nó le daoine eile, chun smaointe a ghiniúint agus a thógáil, chun deiseanna nuálaíochta a aithint agus iad a thiontú ina ngníomhartha praiticiúla, dírithe. | Gníomhú ar dheiseanna agus smaointe agus luach a chur orthu do dhaoine eile. Is féidir luachanna airgeadais, cultúrtha nó sóisialta a chruthú. | Is duine é an fiontraí a sheasann chun tosaigh agus a ghlacann riosca chun gnó a bhunú agus súil aige brabús a dhéanamh. |

Is rud í **scil** a fhoghlaimíonn tú a dhéanamh thar thréimhse ama. Ar scoil, sa bhaile agus de réir mar a chaitheann tú do shaol, foghlaimeoidh tú neart scileanna. Is rud í **tréith/cáilíocht** atá agat nuair a thagann tú ar an saol agus a gcuireann tú feabhas uirthi de réir mar a théann tú in aois. Is cuid de do phearsantacht í i ndáiríre.

**An difríocht:** Tagann tú ar an saol le cáilíocht, ach foghlaimíonn tú scil. Is féidir leat oibriú ar an dá cheann!

| Deich gCáilíocht | Deich Scil |
|---|---|
| **1.** Féinmhuinín | **1.** Pleanáil agus Socrú Spriocanna |
| **2.** Réadúlacht | **2.** Cinnteoireacht |
| **3.** Bainistíocht Mhaith Ama | **3.** Cumarsáid |
| **4.** Nuálaíocht/Cruthaitheacht | **4.** Bainistíocht Caidreamh Daonna |
| **5.** Diongbháilteacht | **5.** Tarmligean |
| **6.** Féinfheasacht | **6.** Spreagadh |
| **7.** Féintionscnóir | **7.** Ceannaireacht |
| **8.** Tiomantas | **8.** Measúnú agus Bainistíocht Riosca |
| **9.** Iontaofacht | **9.** Bainistíocht Ama |
| **10.** Solúbthacht | **10.** Líonrú |

?
An bhfuil aon cheann de na tréithe nó scileanna sin agam?

## Próifíliú ar Fhiontraí

1. **Sonraí Pearsanta:**

   Ainm: Áit: Meáin Shóisialta:

2. **An Fiontar:** Déan mionchur síos ar an obair a dhéanann an gnó.

3. **Giniúint Smaointe:** Conas a tháinig tú ar smaointe?

4. **Déan cur síos ar an Anailís LLDB don ghnó.**

| Láidreachtaí | Laigí |
|---|---|
| | |

| Deiseanna | Bagairtí/Dúshláin |
|---|---|
| | |

5. **Críochnaigh an cumasc margaíochta don táirge/seirbhís.**

| | |
|---|---|
| Táirge | |
| Praghas | |
| Áit | |
| Promóisean | |

6. **Cáilíochtaí/Scileanna**

   Cad iad na cáilíochtaí/scileanna atá ag teastáil?

7. **Eitic:** Conas a chinntíonn tú comhlacht **eiticiúil**?

8. **Timpeallacht:** An bhfuil ról ag an **timpeallacht**?


9. **Domhandú:** An ndéanann do ghnó trádáil go háitiúil, go náisiúnta, go hidirnáisiúnta?

10. **Teicneolaíocht:** Cén tionchar atá ag teicneolaíocht ar do ghnó?

11. **Aon rud eile le rá?**

# Gníomhaíochtaí chun tacú leis an bhfoghlaim

## Leabhrán 'M'Fhiontar'




Déan próifíliú ar fhiontraí de do rogha féin (féach an leathanach roimhe seo).

## Déan pleanáil ar chur i láthair 3 nóiméad bunaithe ar fhiontar, agus cruthaigh é.

## Aimsigh fíricí fiontair.

## Féach ar chaint TED nó ar ghearrthóg YouTube ar fhiontraithe.

## Achoimre

**3 Liostaigh 3 eochairfhocal**

3.

2.

1.

**2 Déan taifead ar dhá rud a bhí spéisiúil duitse**

2.

1.


**1 Scríobh ceist amháin atá agat**

1.

- Críochnaigh an **teimpléad eochairfhocal** ar leathanach 5.
- Ar ghlac tú páirt i dtaighde? An bhfuair tú aon rud suimiúil?
- Cuardaigh ar líne **'inventions made by mistake'**. An bhfuair tú aon rud suimiúil?

## Am Smaoinimh...

# Fiontar: Mo Chuid Machnamh




## Bí Machnamhach...Bí Nuálach

*An bhfuil an tréith dhraíochta ríomhaireachta agat?*

**Cad iad na príomhphointí fiontair?**

**Conas is féidir liom a bheith fiontrach?**

**Cén taighde ar ghlac mé páirt ann?**

**Cad iad na scileanna a d'fhoghlaim mé?**

**An raibh tionchar ag an bhfoghlaim ar mo chuid smaointe, tuairimí nó dearcthaí faoi fhiontraithe?**

## Cuir tic ✓ anseo chun scileanna na sraithe sóisearaí atá foghlamtha agus forbartha agat a thaispeáint.

| Cumarsáid | A bheith liteartha | Mé féin a bhainistiú | Fanacht folláin | Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | A bheith uimheartha | A bheith cruthaitheach | Obair le daoine eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

# Bí Liteartha: Eochairfhocail

Tabhair sainmhíniú ar na téarmaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Fiontar** | |
| **Fiontraíocht** | |
| **Scileanna** | |
| **Cáilíochtaí** | |
| **Taighde** | |
| **Eitic** | |
| **Fiontar Sóisialta** | |
| **Fiontar Airgeadais** | |
| **Fiontar Cultúrtha** | |

# Nótaí Aonad 1

Aonad 2


# Giniúint Smaointe

Suíomhanna Gréasáin

www.studententerprise.ie

www.ipoi.gov.ie

## Céimeanna chun táirge a fhorbairt



Céim 7: Seoladh Táirge

Céim 6: Tástáil Mhargaíochta

Céim 5: Forbairt Samhla

Céim 4: Staidéar Indéantachta

Céim 3: Forbairt Coincheapa

Céim 2: Scagadh Táirge

Céim 1: Giniúint Smaointe

**Tosaigh anseo...**


## Measúnú Smaoinimh

**Bain triail as na ceisteanna a leanas agus cuir tic ✓ sa cholún cuí.**

| Ceisteanna | 👍 | 🤷 | 👎 | Tuilleadh eolais ag teastáil |
|---|---|---|---|---|
| **1.** An coincheap úrnua bunaidh do smaoineamh, nó an meascán nó leasú é? Seiceáil le hOifig Maoine Intleachtúla na hÉireann, le Google agus le cuardaigh ar na meáin shóisialta le cinntiú nach bhfuil tú ag briseadh dlíthe a bhaineann le maoin intleachtúil. Téigh i dteagmháil le hOifig Maoine Intleachtúla na hÉireann ag www.ipoi.gov.ie | | | | |
| **2.** An bhfreastalaíonn an smaoineamh ar riachtanas nó an réitíonn sé fadhb? | | | | |
| **3.** An bhfuil iomaitheoirí ann? | | | | |
| **4.** An féidir luach a chur leis chun a chinntiú go bhfuil sé níos fearr ná táirge na n-iomaitheoirí? | | | | |
| **5.** An bhfuil na hacmhainní cuí agat? | | | | |
| **6.** Conas a gheobhaidh tú maoiniú? | | | | |
| **7.** Cad iad na costais a bhaineann leis? | | | | |
| **8.** Cad iad na dúshláin? | | | | |
| **9.** An mbeidh brabús ann? | | | | |
| **10.** An féidir glacadh leis na tosca riosca? | | | | |
| **11.** An bhfuil sé sábháilte? | | | | |
| **12.** An bhfuil sé dleathach? | | | | |
| **13.** An bhfuil sé inbhuanaithe? | | | | |
| **14.** An bhfuil taighde déanta agat? | | | | |
| **15.** An bhfuil tuilleadh eolais ag teastáil? | | | | |

# Gníomhaíochtaí chun tacú leis an bhfoghlaim

## Leabhrán ‘M’Fhiontar’




Cruthaigh leabhrán beag ar Ghiniúint Smaointe.

## Déan pleanáil ar chur i láthair 3 nóiméad ar Ghiniúint Smaointe, agus cruthaigh é.

## Aimsigh fíricí fiontair

## Féach ar chaint TED nó ar ghearrthóg YouTube bunaithe ar Ghiniúint Smaointe.

## Achoimre

**3** Liostaigh 3 eochairfhocal

3.

2.

1.

**2** Déan taifead ar dhá rud a bhí spéisiúil duitse

2.

1.


**1** Scríobh ceist amháin atá agat

1.

- Críochnaigh an **teimpléad eochairfhocal**.
- Ar ghlac tú páirt i dtaighde? An bhfuair tú aon rud suimiúil?
- Cuardaigh ar líne **‘inventions made by mistake**’. An bhfuair tú aon rud suimiúil?

## Am Smaoinimh...

### Giniúint Smaointe: Mo Chuid Machnamh




### Bí Machnamhach...Bí Nuálach

**Mínigh an próiseas a d'úsáid tú chun smaointe a ghiniúint do do tháirge nó seirbhís.**

**Conas a rinne tú measúnú ar do chuid smaointe chun an táirge/seirbhís dheireanach a roghnú?**

**Cad iad na scileanna a d'fhoghlaim tú?**

**Cén taighde ar ghlac mé páirt ann?**

**An raibh tionchar ag an bhfoghlaim ar mo smaointe, tuairimí nó dearcthaí?**

### Cuir tic ✓ anseo chun scileanna na sraithe sóisearaí atá foghlamtha agus forbartha agat a thaispeáint.

| Cumarsáid | A bheith liteartha | Mé féin a bhainistiú | Fanacht folláin | Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | A bheith uimheartha | A bheith cruthaitheach | Obair le daoine eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

# Bí Liteartha: Eochairfhocail

Tabhair sainmhíniú ar na téarmaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Giniúint Smaointe** | |
| **Tobsmaointeoireacht** | |
| **SCAMPER** | |
| **Nuálaíocht** | |
| **Cruthaitheacht** | |
| **Réiteach Fadhbanna** | |
| **Samhlaíocht** | |

# Nótaí Aonad 2

Aonad 3

# Obair Foirne / Cumarsáid

**Suíomhanna Gréasáin**

www.studententerprise.ie
www.jct.ie

**Déan é!**
Líon isteach an cleachtadh 'Focal s'agam' thíos i mbeirteanna chun tuiscint a léiriú ar obair foirne agus ar chumarsáid.

## Cleachtadh 'Focal s'agam'

**Obair Foirne**

| | |
|---|---|
| **Tabhair míniú ar an bhfocal** | **Míniú le sampla** |
| **Cruthaigh íomhá chun tuiscint a léiriú** | **An focal in abairt a bhfuil nasc aici le Staidéar Gnó** |



# Obair Foirne

Foireann: Grúpa daoine a chomhoibríonn le chéile chun sprioc chomónta a bhaint amach. Úsáidimid foirne go forleathan i ngnó. Is **próiseas** é neartú foirne agus ní tharlóidh sé thar oíche.

Bain triail as an gcéad cheacht eile. Smaoinigh faoi am a bhí tú páirteach i bhfoireann den scoth, agus gur chúis bhróid agus onóir duit é a bheith nasctha leis an bhfoireann sin!

**AN FHOIREANN IS FEARR RIAMH...**

Seo an t-eispéireas a bhí agam ar chás ina raibh obair foirne den scoth ann agus gach duine ag tarraingt le chéile...



Cén fáth a raibh an fhoireann chomh hiontach?

Cad a chuir mise leis an bhfoireann?

Cad a d'fhoghlaim mé a d'fhéadfainn a thabhairt liom go foireann eile?

Ba chóir go mbeadh na rudaí seo a leanas ag foireann:

- Spriocanna aontaithe
- Róil agus freagrachtaí soiléire
- Saineolas, eolas, agus scileanna a roinnt
- Spreag gach ball foirne, tabhair tacaíocht dóibh agus cruthaigh dearcadh 'is féidir liom' i measc na foirne.

## Céimeanna i bhForbairt Foirne

**Foirmiú:**
Tagann an fhoireann le chéile agus tá doiléire le sonrú ar na baill foirne.

**Stoirmiú:**
Tá iniúchadh á dhéanamh ag na baill foirne ar shrianta. Tarlaíonn easaontú idir bhaill foirne ag an bpointe seo.

**Normú:**
Tá na baill foirne ag tosú ar obair a dhéanamh le chéile agus fásann iontaoibh iontu as a chéile.

**Feidhmiú:**
Tá ardchaighdeán feidhmithe ann agus tá ardleibhéal idirspleáchais le sonrú.

# Canbhás Múnla Gnó

Is forléargas aon leathanach é Canbhás Múnla Gnó a leagan amach an rud a dhéanann tú (nó ba mhaith leat a dhéanamh) agus conas a thabharfaidh tú faoi. *Deartha ag Osterwalder agus Pigneur.*

Tosaigh le canbhás bán agus cuir nótaí mar aon le heochairfhocail le gach céim den chanbhás. Má úsáideann tú nótaí Post-It, beidh tú in ann smaointe a bhogadh thart.

## Leagan amach samplach do Chanbhás Múnla Gnó – *fiontar Coinnle Cruthaitheacha*

### 1 Sciartha Custaiméirí
- Scoláirí
- Múinteoirí agus tuismitheoirí
- Siopaí féiríní
- Custaiméirí ar líne

### 2 Moltaí Luacha
- Cuma tharraingteach
- Dearadh neamhghnách
- Scíth agus Folláine
- Cumhra
- Cuspóir Praiticiúil
- Féirín uathúil
- Leathnaigh

### 3 Cainéil
- Áitiúil
- Miondíoltóirí
- Ar Líne

### 4 Caidrimh le Custaiméirí
- Pearsanta (áitiúil)
- Seirbhís tacaíochta ar líne

### 5 Foinsí Ioncaim
- Coigilteas
- Urraitheoirí
- Brabús Coinnithe

### 6 Príomhghníomhaíochtaí
- Táirgeadh
- Líonrú
- Réiteach Fadhbanna

### 7 Príomhacmhainní
- Urraíocht (airgeadais)
- Baill foirne (daonna)
- Teaghlach agus cairde (daonna)

### 8 Príomhpháirtithe
- Coinnle Cruthaitheacha
- Urraitheoirí
- Ceardlann Déanta Coinnle

### 9 Struchtúr Costas
- Amhábhair
- Táirgeadh agus Taispeántas

Féach ar theimpléid do Chanbhás Múnla Gnó san fhillteán 'Templates' ar www.studententerprise.ie
An bhféadfá do chuid smaointe a chur i bhfeidhm ar Chanbhás Múnla Gnó?

# Cumarsáid: Cur i láthair

Má tá scileanna maithe cumarsáide ag duine, ciallaíonn sé go bhfuil an cumas iontu an teachtaireacht cheart a chur trasna go soiléir. Is smaoineamh maith é cur i láthair a chruthú tar éis gach aonaid.

## Deich nod chun cur i láthair a ullmhú

1. Céard iad na spriocanna/aidhmeanna atá agat? Cad í an teachtaireacht atá tú ag iarraidh a chur trasna?
2. Aimsigh eolas ó fhoinsí iontaofa, agus déan tagairt do gach foinse eolais, íomhá agus gearrthóg físeáin.
3. Cruthaigh scéalchlár de do chur i láthair, sula dtosaíonn tú ar eolas faoi leith a scríobh.
4. Cén scéal a inseoidh tú?
5. Tosaigh le hoscailt, príomhábhar agus críochnaigh le deireadh láidir.
6. Agus an t-ábhar agat, roghnaigh uirlis chur i láthair chun do theachtaireacht a léiriú. Caithfidh an t-ábhar a bheith cruinn agus beidh fianaise ag teastáil.
7. Coinnigh an cur i láthair gairid agus suimiúil. Bíodh tús, lár agus deireadh agat.
8. Bain úsáid as meascán d'fhocail, íomhánna, naisc agus físeáin. Bain úsáid as níos lú focal agus níos mó íomhánna. D'fhéadfá taifeadadh a dhéanamh in PowerPoint chun pointe a mhíniú seachas é a scríobh focal ar fhocal, mar shampla.
9. Cinntigh go bhfuil do chuid gramadaí, litrithe agus poncaíochta cruinn. Úsáid an cló céanna tríd an gcur i láthair ar fad.
10. Déan cumarsáid shoiléir. Labhair go mall agus go soiléir, le meascán tuineacha cainte agus gothaí. Críochnaigh an cur i láthair le seisiún ceisteanna agus freagraí.

## Forléargas ar chur i láthair 3 nóiméad

**Barr Feabhais a chur ar Chur i Láthair**

**1 Struchtúr**
- 3 nóiméad ar a mhéad

**2 Radharc**
- Féach ar chur i láthair léitheoirí nuachta
- Lean an riail ⅓
- Fan ar chlé
- Coinnigh ábhair thacaíochta ar thaobh na láimhe deise

**3 Iompar Coirp**
- Déan miongháire
- Breathnú sa tsúil
- Comharthaí láimhe
- Tuineacha cainte éagsúla
- Labhair go soiléir

**4 Cuma**
- Bí néata, slachtmhar
- Proifisiúnta

**5 Cur i láthair**
- Tús
- Lár
- Deireadh

**6 Cleachtadh**
- Cleachtadh a dhéanann máistreacht

**7 Ábhar tacaíochta**
- Bí cruthaitheach
- Íomhánna


**8 Taighde**
- Taighde deisce m.sh. idirlíon
- Taighde allamuigh m.sh. agallamh
- Cinntigh gur féidir leat torthaí do chuid taighde a thabhairt

**9 Teicneolaíocht**
- Cinntigh go n-úsáideann tú gach teicneolaíocht atá ar fáil chun cur le do chur i láthair


**10 Bí muiníneach**
- Déan cumarsáid le muinín
- Caithfidh forbairt teacht ar thuairimí

# Gníomhaíochtaí chun tacú leis an bhfoghlaim

## Leabhrán 'M'Fhiontar'




Déan leabhrán beag ar Chuir i láthair.




## Déan pleanáil ar chur i láthair 3 nóiméad ar obair foirne, agus cruthaigh é.

## Aimsigh fíricí fiontair

## Féach ar chaint TED nó ar ghearrthóg YouTube ar Teams.

## Achoimre

**3 Liostaigh 3 eochairfhocal**

3.

2.

1.

**2 Déan taifead ar dhá rud a bhí spéisiúil duitse**

2.

1.


**1 Scríobh ceist amháin atá agat**

1.

- Críochnaigh an **teimpléad eochairfhocal**.
- Ar ghlac tú páirt i dtaighde? An bhfuair tú aon rud suimiúil?
- Cuardaigh ar líne **'inventions made by mistake'**. An bhfuair tú aon rud suimiúil?

## Am Smaoinimh...

# Obair Foirne agus Cumarsáid: Mo Chuid Machnamh




## Bí machnamhach...Bí i d'imreoir foirne...

**Cén t-eolas nua a d'fhoghlaim mé?**

**Cén taighde ar ghlac mé páirt ann? An bhfuair mé aon rud suimiúil?**

**Ar tháinig athrú/forbairt ar mo dhearcadh féin? Pléigh**

**Déan cur síos ar aon dúshláin**

**Déan machnamh ar scileanna atá foghlamtha/forbartha**

**Cuir tic ✓ anseo chun scileanna na sraithe sóisearaí atá foghlamtha agus forbartha agat a thaispeáint.**

| Cumarsáid | A bheith liteartha | Mé féin a bhainistiú | Fanacht folláin | Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | A bheith uimheartha | A bheith cruthaitheach | Obair le daoine eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

# Bí Liteartha: Eochairfhocail

Tabhair sainmhíniú ar na téarmaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Foireann** | |
| **Céimeanna i bhforbairt foirne** | |
| **Freagrachtaí** | |
| **Tascanna Foirne** | |
| **Cairt Eagraíochta** | |
| **Canbhás Múnla Gnó** | |
| **Cur i Láthair** | |
| **Scileanna Cumarsáide** | |

## Nótaí Aonad 3

Aonad 4

# Taighde Margaidh

**Déan é!**
Déan cleachtadh 'Focal s'agam' chun do thuiscint ar Thaighde Margaidh a léiriú.

**Suíomhanna Gréasáin**
www.studententerprise.ie
www.thinkbusiness.ie

## Cleachtadh 'Focal s'agam'

**Taighde Margaidh**

| | |
|---|---|
| **Tabhair míniú ar an bhfocal** | **Míniú le sampla** |
| **Cruthaigh íomhá chun fiontar a léiriú** | **An focal in abairt a bhfuil nasc aici le Staidéar Gnó** |

Is éard is **taighde margaidh** ann ná eolas a bhaineann le do tháirge nó seirbhís a **bhailiú** agus **anailís a dhéanamh air**, agus an t-eolas sin a úsáid chun cinntí suas chun dáta a dhéanamh.

**Bheadh sé tubaisteach gnó a thosú gan taighde.**

**Déan é!**
Is smaoineamh maith é an dá chineál taighde a dhéanamh chun a fháil amach an bhfuil do ghnó inmharthana.

### Cuir tic (✓) sa bhosca cuí

Ceist: An maith leat ceol? Is maith ☐ Ní maith ☐

**Ceisteanna ilrogha:** Is gá roghnú idir a, b, c, d agus e. Tá sé éasca na freagraí a chur i dtoll a chéile.

### Cuir tic (✓) sa bhosca cuí

An bhfaigheann tú do chuid íocaíochtaí: ☐ (a) Gach seachtain ☐ (b) Gach coicís ☐ (c) Gach mí ☐ (d) Ar conradh ☐ (e) Eile

**Ceisteanna oscailte:** Bíonn seans ag an bhfreagróir a thuairim féin a thabhairt. Bíonn sé níos deacra na freagraí seo a chur i dtoll a chéile, ach tá an-chuid eolais le fáil uathu. Go hidéalach, beidh ceist amháin oscailte ar do cheistneoir.

Cad a shíleann tú dár dtáirge?

# Ceistneoir Samplach

**Táirgí ó Chrann Bán Teo lena n-áirítear ár málaí nua siopadóireachta déanta as cadás glan.**
Is féidir iad seo a ní ag 60 céim tar éis úsáide, agus cinntíonn siad mála glan ó thaobh na timpeallachta de.

## Cuir tic (✓) sa bhosca cuí

**Q1.** Inscne — Baineann ☐ Fireann ☐

**Q2.** Cén t-aoisghrúpa ina bhfuil tú? — (a) 0-18 ☐ (b) 19- 65 ☐ (c) 65 + ☐

**Q3.** Ar mhaith leat málaí siopadóireachta déanta as cadás glan a cheannach?

Ba mhaith ☐ Níor mhaith ☐

**Q4.** Cén cineál mála siopadóireachta a bheadh suim agat a cheannach?

Simplí ☐ Pearsantaithe ☐ Dearaí Éagsúla ☐ Eile ☐

Mínigh, le do thoil

**Q5.** Cé mhéad atá tú sásta a íoc?

€5 ☐ €10 ☐ Eile ☐

Mínigh, le do thoil

**Q6.** Aon rud eile?

Go raibh maith agat as an am a ghlacadh ár gceistneoir a líonadh isteach.

Sainaithin na **cineálacha ceisteanna** sa cheistneoir thuas. Agus an ceistneoir deartha agat, socraigh ansin ar an mbealach ina ndáilfidh tú an ceistneoir, m.sh. tríd an bpost, ar ríomhphost, litir.

## ANAILÍS LLDB

Is bealach iontach é Anailís LLDB chun breithiúnas a dhéanamh ar do ghnó. Aithníonn sé na láidreachtaí agus laigí i ngnó agus aithníonn sé deiseanna agus bagairtí roimhe.

**Dréachtaigh Anailís LLDB do ghnó ar bith. Úsáid an teimpléad seo thíos.**

*Bíonn smacht agat ar thosca inmheánacha.*


*Níl aon smacht agat ar thosca seachtracha.*

| Láidreachtaí (Inmheánach) | Laigí (Inmheánach) |
| --- | --- |
| | |

| Deiseanna (Seachtrach) | Bagairtí (Seachtrach) |
| --- | --- |
| | |

# Gníomhaíochtaí chun tacú leis an bhfoghlaim

## Leabhrán 'M'Fhiontar'




Cruthaigh leabhrán beag ar Thaighde Margaidh.

## Déan pleanáil ar chur i láthair 3 nóiméad ar Thaighde Margaidh, agus cruthaigh é.

## Aimsigh fíricí fiontair.

## Féach ar chaint TED nó ar ghearrthóg YouTube ar Thaighde Margaidh.


## Achoimre

| 3 Liostaigh 3 eochairfhocal | 2 Déan taifead ar dhá rud a bhí spéisiúil duitse | 1 Scríobh ceist amháin atá agat |
|---|---|---|
| 3. | 2. | 1. |
| 2. | 1. | |
| 1. | | |

- Críochnaigh an **teimpléad eochairfhocal**.
- Ar ghlac tú páirt i dtaighde? An bhfuair tú aon rud suimiúil?
- Cuardaigh ar líne **'inventions made by mistake'**. An bhfuair tú aon rud suimiúil?

## Am Smaoinimh...

# Taighde Margaidh: Mo Chuid Machnamh




### Bí machnamhach...Bí i do thaighdeoir...

*Ábhar machnaimh*

**Cén t-eolas nua a d'fhoghlaim mé?**

**Cén taighde ar ghlac mé páirt ann? An bhfuair mé aon rud suimiúil?**

**Ar tháinig athrú/forbairt ar mo dhearcadh féin? Pléigh**

**Déan cur síos ar aon dúshláin**

**Déan machnamh ar scileanna atá foghlamtha/forbartha**

### Cuir tic ✓ anseo chun scileanna na sraithe sóisearaí atá foghlamtha agus forbartha agat a thaispeáint.

| Cumarsáid | A bheith liteartha | Mé féin a bhainistiú | Fanacht folláin | Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | A bheith uimheartha | A bheith cruthaitheach | Obair le daoine eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

# Bí Liteartha: Eochairfhocail

Tabhair sainmhíniú ar na téarmaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Taighde Margaidh** | |
| **Taighde Deisce** | |
| **Taighde Allamuigh** | |
| **Ceistneoir** | |
| **Ceist Dhúnta** | |
| **Ceist Oscailte** | |
| **LLDB** | |

# Nótaí Aonad 4

Aonad 5

# Maoin Intleachtúil (MI)

**Suíomhanna Gréasáin**

www.studententerprise.ie

www.ipoi.gov.ie

**Déan é!**

Déan an cleachtadh 'Focal s'agam' chun do thuiscint ar Mhaoin Intleachtúil a léiriú

## Cleachtadh 'Focal s'agam'

**Maoin Intleachtúil**

| | |
|---|---|
| Tabhair míniú ar an bhfocal | Míniú le sampla |
| Cruthaigh íomhá chun fiontar a léiriú | An focal in abairt a bhfuil nasc aici le Staidéar Gnó |



## Maoin Intleachtúil (MI)

Agus an táirge/seirbhís socraithe, agus an taighde margaidh curtha i gcrích, tá sé in am duit smaoineamh ar chearta Maoine Intleachtúla agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu ar d'fhiontar.

*Déan é!*
*Féach ar PowerPoint ó Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann atá le fáil ar www.studententerprise.ie*

## Cineálacha éagsúla Cearta MI

Tugann siad an ceart duit cruthaitheacht/smaointe a bheith mar mhaoin agat. Agat féin amháin atá an ceart na smaointe sin a úsáid agus leas a bhaint astu. B'fhéidir gur aireagán, branda, lógó, dearadh úrnua nó cur i bhfeidhm smaoineamh maith atá i gceist. Beidh sé níos éasca agat do chuid ceart a chosaint má chláraíonn tú do chuid smaointe cruthaitheacha.

Maoin dholáimhsithe a thagann as cruthaitheacht atá i gceist le **Maoin Intleachtúil**, amhail paitinní, cóipchearta agus mar sin de. Is cearta chun iad seo a bheith mar mhaoin agat agus a úsáid de réir mar is mian leat féin iad cearta maoine intleachtúla.

Is é cóipcheart an cineál is coitianta MI, agus is féidir é a ghlacadh chugat féin leis an gcomhartha ©. Is cineálacha éagsúla MI iad paitinní, trádmharcanna agus dearaí. Cláraíonn daoine iad seo leis an rannóg rialtais ar a dtugtar Oifig na bPaitinní.

An bhfuil gá agat le cosaint intleachtúil?

1. Déan cinneadh a luaithe agus is féidir an bhfuil aon chuid den obair foirne incháilithe i gcomhair cosanta de réir threoirlínte MI ar **www.ipoi.giv.ie.**
2. Seiceáil an bhfuil aon chuid d'fhiontar na foirne agatsa ag sárú cearta maoine intleachtúla duine eile, de réir na dtreoirlínte céanna.

Is cearta eisiacha iad cearta maoine intleachtúla a thugann an ceart do dhuine cruthaitheacht agus smaointe uathúla a bheith mar mhaoin acu.

Glacann Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann le clárú ar na smaointe seo agus ligeann an clárú duit a chruthú gur shíolraigh an smaoineamh seo uaitse ar dháta agus am faoi leith. Liostálann sé tréithe agus sonraí d'aireagáin, do smaoinimh nó do mhaoine intleachtúla.
**An príomhrud:** Tugann paitinn clárú, ní cosaint. Ach beidh an clárú sin de dhíth chun go gcuirfeadh na cúirteanna an chosaint i bhfeidhm.

Ní chosnaíonn Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann tú i gcoinne duine eile a úsáidfidh do chuid smaointe gan chead – cláraíonn sé do cheart amháin. Chun do cheart a chosaint is féidir leat litir a sheoladh ar dtús, ina bhfuil achoimre ar do cheart agus ag cur sáruithe in iúl. Ina dhiaidh sin, mura staonann an duine eile, is iad na cúirteanna an t-aon rogha atá agat. Agus ag an bpointe seo, beidh súil agat go bhfuil neart airgid á dhéanamh agat as d'aireagán nó smaoineamh, mar is iomaí costas a bheidh ort.

An bealach is dóichí ina mbuailfidh tú le maoin intleachtúil i gClár Fiontair an Scoláire ná trí shárú ar mhaoin intleachtúil ag baill den fhoireann, d'aon ghnó nó i ngan fhios dóibh féin.

Seiceáil MI go cúramach ag an tús, mar chomh luath is a thosaíonn an fhoireann ag cur smaointe chun tosaigh, nó níos measa fós, ag buachan ag comórtais, gach seans go rachaidh úinéirí MI i dteagmháil leo chun an gnó a dhúnadh síos. Tá sé tarlaithe cheana. Tarlóidh sé arís.

## Príomhchineálacha Maoine Intleachtúla

**1.** Trádmharcanna **2.** Paitinní **3.** Dearaí **4.** Cóipcheart

### 1. Trádmharcanna:

Úsáidimid trádmharcanna chun idirdhealú a dhéanamh idir do tháirge/sheirbhís agus iad siúd a bhaineann le d'iomaitheoirí. Is féidir focal, litir nó uimhir a bheith i gceist, nó meascán díobh. B'fhéidir go mbeadh na rudaí seo i gceist: líníochtaí, siombailí, comharthaí 3T amhail cruth agus pacáistiú na n-earraí, fuaimeanna inchloiste, cumhráin nó dathanna fiú.

Cuardaigh bunachair ar líne le haghaidh trádmharcanna atá ann cheana ag www.ipoi.gov.ie. Smaoinigh faoi do bhranda a chlárú mar thrádmharc chun a bheith uathúil.

Trádmharcanna = ainm, lógó, mana

### 2. Paitinní:

Is féidir teacht ar phaitinn chun cosaint a thabhairt duit chun déantúsaíocht ar bhonn tráchtála, úsáid, dáileadh nó díol réitigh nua agus cruthaitheacha ar fhadhbanna teicniúla a smaoineofá orthu. Clúdaítear táirgí, modhanna agus próisis nua, mar aon le feabhsuithe ar chinn atá ann cheana féin. Tugann an phaitinn cearta eisiacha chun an t-aireagán nua a úsáid chomh fada is a fhanann sí i bhfeidhm. Tá sé riachtanach cur isteach ar chosaint phaitinne sula dtugann tú sonraí an aireagáin do dhaoine eile.

Cuardaigh bunachair ar líne le haghaidh paitinní atá ann cheana ag www.ipoi.gov.ie. Smaoinigh faoi na himpleachtaí ó thaobh costais de agus faoi shaolré an táirge.

Paitinn = aireagán, feidhm, próiseas

### 3. Dearaí:

Is féidir le táirgí/seirbhísí éagsúla an rud céanna a dhéanamh agus mar sin, cuidíonn dearadh uathúil atá tarraingteach taitneamhach leat do tháirge/sheirbhís a idirdhealú ó cheann na n-iomaitheoirí.

Cuardaigh dearaí ar líne ar www.ipoi.gov.ie le cinntiú go bhfuil an chuma agus blaiseadh atá ar d'earra nua, i ndáiríre.

Má tá, smaoinigh faoin dearadh a chlárú chun buntáiste iomaíoch a fháil ar feadh suas le 25 bliain!

Dearadh = Cuma, cruth, leagan amach

### 4. Cóipcheart:


Tugann **cóipcheart** cosaint d'údair/chruthaitheoirí in ealaíona áirithe, amhail leabhair, ceol, saothair ealaíne, irisí agus mar sin de. Léiríonn an © go bhfuil rud éigin cosanta ag cóipcheart. Is ceart uathfheidhmeach é, agus ní gá don údar é a chlárú.

Smaoinigh faoi mharc a chur ar gach cuid den obair le taispeáint cé hé an t-úinéir cóipchirt agus cén dáta óna bhfuil ceart cóipchirt i bhfeidhm. Smaoinigh ar chóipcheart mar fhoinse ioncaim trí cheadúnú/cearta díola le tríú páirtithe.

Cóipcheart = saothair ealaíne, téacs, grafaic

# Gníomhaíochtaí chun tacú leis an bhfoghlaim

### Leabhrán 'M'Fhiontar'




Cruthaigh leabhrán beag ar Mhaoin Intleachtúil

### Déan pleanáil ar chur i láthair 3 nóiméad ar Mhaoin Intleachtúil, agus cruthaigh é.

### Aimsigh fíricí fiontair

### Féach ar chaint TED nó ar ghearrthóg YouTube ar Eitic

## Achoimre

**3 Liostaigh 3 eochairfhocal**

3.

2.

1.

**2 Déan taifead ar dhá rud a bhí spéisiúil duitse**

2.

1.

**1 Scríobh ceist amháin atá agat**

1.

- Críochnaigh an **teimpléad eochairfhocal**.
- Ar ghlac tú páirt i dtaighde? An bhfuair tú aon rud suimiúil?
- Cuardaigh **'inventions made by mistake'** ar líne. An bhfuair tú aon rud suimiúil?

Maoin Intleachtúil:
Mo Chuid Machnamh

## Bí machnamhach...Bí feasach ar MI

Bí feasach:
Bí airdeallach ar MI ón tús.

**Conas a rinne tú taighde ar uathúlacht do bhranda?**

**Ar aithin tú an MI ar le daoine eile í, agus a bhfuil gá agat léi do do ghnó féin? An bhfuair tú an cead cuí ó na húinéirí chun a gcuid MI a úsáid i d'fhiontar?**

**An bhfuil d'aireagán nua uathúil? Má tá, conas atá a fhios agat go bhfuil?**

**An fiú cur isteach ar chosaint phaitinne do do tháirge/sheirbhís nua? Cuir san áireamh na costais a bhainfeadh leis, nádúr do ghnó agus do phlean margaíochta.**

**Ar dhear tú do tháirge le dearadh uathúil arbh fhiú é a chosaint? Má rinne, conas a sheiceáil tú a uathúlacht?**

**An bhfuil sócmhainní ealaíne nó cultúrtha i d'fhiontar, a chruthaigh tú agus ar féidir cóipcheart a chur orthu? Má tá, cad iad?**

**Conas a rinne tú machnamh ar chostais aon cheadúnas a bheidh de dhíth ó úinéirí cóipchirt, agus an phraghsáil á déanamh ar do tháirge/sheirbhís?**

**Cad iad na scileanna a d'úsáid mé?**

**An raibh tionchar ag mo chuid foghlama ar mo smaointe, mo thuairimí nó ar mo dhearcthaí ar mhaoin intleachtúil?**

### Cuir tic ✓ anseo chun scileanna na sraithe sóisearaí atá foghlamtha agus forbartha agat a thaispeáint.

| Cumarsáid | A bheith liteartha | Mé féin a bhainistiú | Fanacht folláin | Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | A bheith uimheartha | A bheith cruthaitheach | Obair le daoine eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

# Bí Liteartha: Eochairfhocail

Tabhair sainmhíniú ar na téarmaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Maoin Intleachtúil** | |
| **Trádmharc** | |
| **Paitinn** | |
| **Cóipcheart** | |
| **Dearaí Tionsclaíocha** | |
| **Sárú** | |

# Nótaí Aonad 5

Aonad 6

# Táirgeadh

**Suíomhanna Gréasáin**

www.studententerprise.ie
www.hsa.ie

**Déan é!**

Déan an cleachtadh 'Focal s'agam' chun do thuiscint ar tháirgeadh a léiriú.

## Cleachtadh 'Focal s'agam'

| Tabhair míniú ar an bhfocal | Míniú le sampla |
|---|---|
| **Táirgeadh** | |
| Cruthaigh íomhá chun fiontar a léiriú | An focal in abairt a bhfuil nasc aici le Staidéar Gnó |

## Do Bhealaí Dáileachaín

**Is gá duit a chinntiú go bhfuil do tháirgí ar fáil in áiteanna atá áisiúil chun go gceannódh do chustaiméirí iad.**

1. Táirgeoir → Mórdhíoltóir → Miondíoltóir → Custaiméir   m.sh. cógais leighis
2. Táirgeoir → Miondíoltóir → Custaiméir   m.sh. ollmhargaí
3. Táirgeoir → Custaiméir   m.sh. siopaí feirme

Bí cúramach le costáil agus praghsáil agus táirgí á soláthar do shiopaí. Is buntáiste é mar de ghnáth díolann tú níos mó mar go bhfuil ionaid díolacháin iomadúla ann.

## Rialú Cáilíochta

### Próiseas Táirgthe

1. Déan **Measúnú Riosca**
2. Déan **Plean Córas Sábháilte Oibre**
3. **Costáil agus praghsáil** an táirge
4. Cruthaigh **rialú stoic** agus plean ceannaigh de réir do bhuiséid
5. Táirg do tháirge, ceannaigh agus scrúdaigh é, agus ullmhaigh don díolachán

Tabhair cuairt ar www.hsa.ie

### Noda Táirgthe

- Roghnaigh an táirge/tseirbhís is fearr agus lean leis go ndéanann tú brabús. Scaiptear an iarracht agus tagann laghdú ar thorthaí má bhíonn an iomarca táirgí agat.
- Bainfidh tú, arís agus arís, tairbhe as taighde a dhéanamh roimh tháirgeadh, go háirithe maidir le hamlínte dáilte.
- Déan tagairt do na sonraí taighde margaidh chun treoir agus stiúir a fháil.
- Scríobh síos an próiseas sula dtosaíonn tú ar tháirgeadh.
- Déan **Anailís Riosca** ar gach gné den táirgeadh agus gach gné d'úsáid an táirge.
- Déan cleachtadh costála agus praghsála go luath sa phróiseas.
- Lean ort ag iarraidh costais a laghdú agus féachaint le luach a chur leis an táirge d'fhonn an praghas a ardú.
- Uaireanta, baineann frustrachas mór le hábhair agus páirteanna a lorg ar líne (iarr ar ghnóthaí atá ann cheana cuidiú le comhairle agus/nó teagmhálaithe).
- Chun a bheith ábalta íoc ar líne, úsáid cártaí creidmheasa réamhíoctha.
- Is gá go mbainfeadh déantúsaíocht caighdeáin thionsclaíocha amach; iarr aiseolas ar úinéirí siopaí go luath.
- Tá taighde ar dhliteanas i leith táirgí riachtanach.
- Téann rialú stoic agus maoiniú le chéile; oibrigh amach an méid atá sé d'acmhainn agat a cheannach ar dtús.
- Faigh samplaí chomh luath agus is féidir, mar sin ordaigh ó fhoinsí éagsúla ag an tús ar fad, más féidir.
- Is é an pacáistiú is fearr ná gan pacáistiú ar bith a úsáid; mar sin bí cruthaitheach chun teacht ar an réiteach is cóngaraí dó sin.
- Bíonn aonaid taispeána díolphointe ag teastáil ó shiopaí do do tháirgí; iarr moltaí maidir le méid ar úinéirí siopaí.
- Más féidir leat táirgí a fháil, agus nascadh díreach le custaiméirí, bíonn costais táirgthe íseal agus ní bhíonn aon chostas stoic ort.
- Iarr cabhair ar shaineolaithe tionsclaíocha, tomhaltóirí agus táirgeoirí sa mhargadh.

### Sláinte agus Sábháilteacht

- Is gá do do tháirge/sheirbhís a bheith sábháilte.
- Is gá do chuid modhanna táirgthe a bheith sábháilte.

**Beidh comhairle phroifisiúnta ar shláinte agus sábháilteacht ag teastáil.**

# Próiseas Táirgthe

## Pleanáil Táirgthe
Bí éifeachtúil
#Makingithappen

### 1 Spriocanna
- Cé mhéad is féidir a tháirgeadh?
- An bhfuil aon srian ar an gcumas táirgthe?

### 2 Soláthraithe
- Cén áit ar féidir teacht ar sholáthairtí?
- Cén áit ar féidir bulc-cheannach a dhéanamh?
- Cad é an t-íosmhéid a bheidh ag teastáil?

### 3 Scileanna
- An bhfuil na scileanna cuí agam/againn?
- An mbeidh oiliúint ag teastáil?

### 4 Trealamh
- Cad atá ag teastáil uainn?
- An gá dúinn ceannach?
- An féidir linn iasacht a fháil nó áit a fháil ar cíos?

### 5 Áit
- Cén áit a ndéanfaimid táirgeadh?
- Cad atá ag teastáil uainn?
- An bhfaighimid áit ar cíos?

### 6 Stoc
- Cén áit a stórálfaimid stoc?
- Conas a choinneoimid smacht ar stoc?
- Cad é an t-íosmhéid?

### 7 Dearbhú Cáilíochta
- Conas a chinnteoimid ardchaighdeán ag gach céim?
- An bhfuil comhairle ag teastáil uainn?


### 8 Sláinte agus Sábháilteacht
- Conas a chinnteoimid go bhfuilimid ag cloí le rialacháin sláinte agus sábháilteachta?
- An gá dúinn comhairle a fháil?
- Ceisteanna timpeallachta?

### 9 Taifid
- Cén t-eolas is gá dúinn a thaifeadadh?
- Cé mhéad atá táirgthe againn?
- Cé mhéad a d'íocamar lenár **soláthraithe?**
- Cén luach atá ar ár stoc?

### 10 Pearsanra
- Pearsanra
- Cé a bheidh i gceannas ar tháirgeadh?

# Gníomhaíochtaí chun tacú leis an bhfoghlaim

**Leabhrán 'M'Fhiontar'**




Cruthaigh leabhrán beag ar Tháirgeadh

**Déan pleanáil ar chur i láthair 3 nóiméad ar tháirgeadh, agus cruthaigh é**

**Aimsigh fíricí fiontair**

**Féach ar chaint TED nó ar ghearrthóg YouTube ar tháirgeadh**

## Achoimre

**3 Liostaigh 3 eochairfhocal**

3.

2.

1.

**2 Déan taifead ar dhá rud a bhí spéisiúil duitse**

2.

1.


**1 Scríobh ceist amháin atá agat**

1.

- Críochnaigh an **teimpléad eochairfhocal**.
- Ar ghlac tú páirt i dtaighde? An bhfuair tú aon rud suimiúil?
- Cuardaigh ar líne **'inventions made by mistake'**. An bhfuair tú aon rud suimiúil?

# Am Smaoinimh...

**Táirgeadh: Mo Chuid Machnamh**




## Bí machnamhach...Bí táirgiúil...

**Scríobh síos na príomhphointí a bhaineann le táirgeadh.**

**Cé a chuirfidh an táirge/tseirbhís ar fáil? Cén áit?**

**Conas a tháirgfear na hearraí? Cad iad na céimeanna atá i gceist chun an tseirbhís a chur ar fáil?**

**Conas a eagróidh tú na tascanna?**

**Cá fhad a ghlacfaidh sé chun na hearraí a dhéanamh/an tseirbhís a chur ar fáil?**

**Scríobh síos aon deacracht a bhí romhat.**

**Cad a d’fhoghlaim tú fút féin?**

**Liostaigh na scileanna a d’fhoghlaim tú.**

**Cén taighde ar ghlac tú páirt ann?**

**An raibh tionchar ag an bhfoghlaim ar mo chuid smaointe, tuairimí nó dearcthaí?**

## Cuir tic ✓ anseo chun scileanna na sraithe sóisearaí atá foghlamtha agus forbartha agat a thaispeáint.

| Cumarsáid | A bheith liteartha | Mé féin a bhainistiú | Fanacht folláin | Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | A bheith uimheartha | A bheith cruthaitheach | Obair le daoine eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

# Bí Liteartha: Eochairfhocail

Tabhair sainmhíniú ar na téarmaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Táirgeadh** | |
| **Bealaí Dáileacháin** | |
| **Dearbhú Cáilíochta** | |
| **Measúnú Riosca** | |
| **Guaiseacha** | |
| **Rialú Stoic** | |
| **Sláinte agus Sábháilteacht** | |
| **Coincheap an Duine Shábháilte** | |

# Nótaí Aonad 6

Aonad 7

# Cumasc Margaíochta

**Suíomhanna Gréasáin**

www.studententerprise.ie

**Déan é!**

Déan cleachtadh 'Focal s'agam' chun do thuiscint ar mhargaíocht a léiriú.

## Cleachtadh 'Focal s'agam'

**Tabhair míniú ar an bhfocal**

**Míniú le sampla**

**Margaíocht**

**Cruthaigh íomhá chun fiontar a léiriú**

**An focal in abairt a bhfuil nasc aici le Staidéar Gnó**

## Cumasc Margaíochta

Ceann de na príomhuirlisí margaíochta é an cumasc margaíochta, a bhfuil ceithre phríomhroinn ann:

Táirge, Praghas, Áit agus Promóisean

Tá sé tábhachtach na ceithre phointe seo a fháil i gceart. Ciallaíonn sé sin an **táirge** ceart a bheith agat ag an b**praghas** ceart, san **áit** cheart agus leis an b**promóisean** ceart, chun do tháirge/sheirbhís a dhíol. Is cosúil le comhábhar é gach pointe agus tá sé tábhachtach go mbeadh na comhábhair ar fad agat.

## Sainmhínithe Margaíochta – Bí liteartha sa mhargaíocht

### Deighilt an Mhargaidh

Is gá na tomhaltóirí a roinnt i gcatagóirí éagsúla, bunaithe ar aicme shocheacnamaíoch (le leibhéil éagsúla ioncam indiúscartha), reiligiún, tíreolaíocht, áit, aois, inscne agus mar sin de.

### Margadh nideoige

Is gá bearna sa mhargadh a aimsiú do tháirge/sheirbhís nua.

### Líonrú
Is modh margaíochta é seo ina gcruthaítear deiseanna gnó trí labhairt le daoine, comhrá a thosú, obair dheonach a dhéanamh agus mar sin de. Is bealach an-éifeachtach agus cost-éifeachtúil é chun an scéal a scaipeadh faoi do tháirge/sheirbhís.

### Plean Margaíochta
San áireamh anseo, beidh ráiteas misin le do chuid **Gnéithe Uathúla Díolacháin (USP)** agus na riachtanais agus buntáistí a bhaineann le do ghnó, mar aon le spriocmhargadh do tháirge/sheirbhíse. Ba chóir go mbeadh sonraí ann faoi do tháirge, agus faoin áit a mbunófar do ghnó.

### Cumasc Margaíochta
Baineann margaíocht le riachtanais custaiméirí a aithint, a fheiceáil roimh ré agus a shásamh, agus brabús a dhéanamh ag an am céanna. Cinntíonn an cumasc margaíochta, '4 Ps' i mBéarla, go bhfuil an táirge nó seirbhís cheart, ag an bpraghas ceart, san áit cheart agus an promóisean ceart in úsáid agat.

### Taighde Margaidh
Is éard is taighde margaidh ann ná eolas a bhaineann le do tháirge nó seirbhís a bhailiú agus anailís a dhéanamh air, agus an t-eolas sin a úsáid chun cinntí gnó suas chun dáta a dhéanamh.

## An Cumasc Margaíochta

### Táirge
Is gá do tháirge riachtanais an tomhaltóra a shásamh. B'fhéidir go mbeadh pacáistiú i gceist, a thugann cosaint don táirge/seirbhís agus a chuireann leis.

Is gá do ghnó taighde a dhéanamh ar tháirgí na n-iomaitheoirí chun a chinntiú go bhfuil buntáiste iomaíoch ag a tháirge. Cad é **gné uathúil dhíolacháin (USP)** an táirge? Cad a dhéanann éagsúil é? Cad a dhéanann feiceálach é i measc na n-iomaitheoirí? Smaoinigh faoi cheisteanna sábháilteachta. An aireagán nua é an táirge? An bhfuil **paitinn** ag teastáil dó? (Cosnaíonn paitinn an gnó go dleathach agus ní ligeann sí do dhaoine eile an táirge a chóipeáil)

Táirge: a fhreastalaíonn ar riachtanais an chustaiméara
Praghas: a chlúdaíonn costais, agus a dhéanann brabús
Promóisean: a chuireann ina luí ar chustaiméirí an táirge a cheannach
Áit: go mbeidh táirgí le fáil in áit áisiúil

### Praghas
Agus praghas á shocrú, is gá don ghnó na costais ar fad a chlúdach, agus brabús a dhéanamh freisin. Braithfidh praghas ar éileamh don táirge/seirbhís agus ar an bpraghas atá iomaitheoirí ag gearradh air. Tá an fhéidearthacht ann freisin, praghsanna éagsúla a ghearradh, mar shampla, lascaine do dhaoine scothaosta agus mic léinn, nó tairiscintí speisialta.

### Áit
**Tá sé an-tábhachtach go ndíolfaidh tú do chuid táirgí/seirbhísí áit ar féidir le do chustaiméirí teacht orthu go héasca. Áit: an áit a ndíolfaidh tú na hearraí le custaiméirí.**

Roghnóidh gnóthaí ceann acu seo, gach seans:

- Táirgeoir – mórdhíoltóir – miondíoltóir – custaiméir
- Táirgeoir – miondíoltóir – custaiméir
- Táirgeoir – custaiméir

Roghnóidh gnóthaí eile na táirgí a dhíol ar líne, agus comhlachtaí amhail eBay nó a suíomh féin in úsáid.

## Promóisean

Baineann promóisean le tionchar a imirt ar do spriocmhargadh chun do chuid earraí nó seirbhísí a cheannach. San áireamh i bpromóisean tá margaíocht, promóisean díolacháin, agus caidreamh poiblí (PR).

Baineann fógraíocht le cur ina luí ar do chustaiméirí gur chóir dóibh ceannach uaitse. Meabhraíonn sé na promóisin éagsúla dóibh, a d'fhéadfadh a bheith á n-eagrú agaibh, mar shampla, samplaí saor ina aisce a thabhairt amach, praghsanna laghdaithe, comórtais nó lascainí eile.

Baineann PR le híomhá dhearfach a chruthú.

### Promóisean

Spreagann promóisean custaiméirí chun earraí agus seirbhísí a cheannach. Tá ceithre chineál promóisin ann: díolachán pearsanta, fógraíocht, promóisean díolachán agus caidreamh poiblí. Tugaimid **ilphromóisean** ar na modhanna seo ar fad le chéile.

### Fógraíocht

Tugann fógraíocht eolas faoi tháirge nó seirbhís, agus é i gceist cur ina luí ar chustaiméirí agus custaiméirí féideartha, gur chóir dóibh é a cheannach.

Cúiseanna le fógraíocht:
- Tarraingíonn fógraíocht **aird**
- Spreagann sé **suim**
- Forbraíonn sé **dúil** sa táirge nó seirbhís
- Éiríonn leis **gníomh** a bhaint amach, i.e. cuireann sé ina luí ar an gcustaiméir an táirge a cheannach.

## Cineálacha Fógraíochta

### TFC
- Guthán
- Ríomhphost
- Seoladh teachtaireachtaí
- Aipeanna
- Meáin shóisialta, m.sh. Facebook, Twitter, Instagram, Snapchat

### Raidió
Tá sprioclucht éisteachta mór ag an raidió, agus is féidir le fógraíocht a bheith níos sonraí, m.sh. Raidió 1 do lucht éisteachta níos sine.

### Fógraíocht Lasmuigh & Fógraíocht Chlóite
- Póstaeir
- Cláir fógraíochta
- Bileoigíní
- Busanna
- Preaseisiúintí

### Teilifís agus Pictiúrlann
**Teilifís:** Tá an teilifís an-éifeachtach agus feiceann a lán daoine í. Is féidir íomhánna maithe a úsáid.
**Pictiúrlann:** An-éifeachtach agus sprioclucht féachana mór nach mbíonn aon dul as acu ach féachaint. Ceann de na meáin fhisiúla is fearr.

### Tréimhseacháin
Nuachtáin/Irisí

### Promóisin speisialta
Promóisin speisialta, m.sh. samplaí is féidir a thabhairt amach le táirge atá ann cheana nó le táirge comhlántach.

### Marsantas
Málaí siopadóireachta brandáilte

### Comórtais
Comórtais, m.sh. mana a scríobh don táirge


### Urraíocht
Urraíocht ar imeacht/foireann áitiúil. Tá sé seo go maith chun custaiméirí nua a spreagadh agus chun an t-ainm a choinneáil i measc an phobail.

*Déan plé ar gach cineál fógraíochta mar phlé ranga.*

*Conas a dhéanfaidh tú fógraíocht?*

# Gníomhaíochtaí chun tacú leis an bhfoghlaim

## Leabhrán 'M'Fhiontar'




Cruthaigh leabhrán beag ar Mhargaíocht.

## Déan pleanáil ar chur i láthair 3 nóiméad ar Mhargaíocht, agus cruthaigh é.

## Aimsigh fíricí fiontair

## Féach ar chaint TED nó ar ghearrthóg YouTube ar chumasc margaíochta

## Achoimre

### 3 Liostaigh 3 eochairfhocal

3.

2.

1.

### 2 Déan taifead ar dhá rud a bhí spéisiúil duitse

2.

1.


### 1 Scríobh ceist amháin atá agat

1.

- Críochnaigh an **teimpléad eochairfhocal** ar leathanach 5.
- Ar ghlac tú páirt i dtaighde? An bhfuair tú aon rud suimiúil?
- Cuardaigh **'inventions made by mistake**' ar líne. An bhfuair tú aon rud suimiúil?

# Am Smaoinimh....

## Cumasc Margaíochta: Mo Chuid Machnamh




### Bí machnamhach...Margaíocht...

**Cad iad na príomhphointí a d'fhoghlaim tú?**

**An dóigh leat go ndearna tú margaíocht rathúil ar do chuid táirgí/seirbhísí?**

**Cad iad na dúshláin a bhí romhat?**

**Conas a sháraigh tú na dúshláin?**

**Cad a dhéanfá ar bhealach éagsúil?**

**Cad atá uathúil faoi do tháirge/seirbhís?**

**Cén cineál fógraíochta a oibríonn do do tháirge/seirbhís?**

**Liostaigh roinnt áiteanna inar féidir leat do tháirge/seirbhís a dhíol.**

**Cad iad na scileanna a d'fhorbair tú?**

**An raibh tionchar ag an bhfoghlaim ar mo smaointe, tuairimí nó dearcthaí ar fhiontraíocht?**

### Cuir tic ✓ anseo chun scileanna na sraithe sóisearaí atá foghlamtha agus forbartha agat a thaispeáint.

| Cumarsáid | A bheith liteartha | Mé féin a bhainistiú | Fanacht folláin | Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | A bheith uimheartha | A bheith cruthaitheach | Obair le daoine eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

# Bí Liteartha: Eochairfhocail

Tabhair sainmhíniú ar na téarmaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Cumasc Margaíochta** | |
| **Deighilt an Mhargaidh** | |
| **Margadh Nideoige** | |
| **Líonrú** | |
| **Taighde Margaidh** | |
| **Promóisean** | |
| **Fógraíocht** | |
| **Áit** | |

# Nótaí Aonad 7

Aonad 8

# Teicneolaíocht agus na Meáin Shóisialta

*Suíomhanna Gréasáin*

*www.studententerprise.ie*

*Déan é!*

*Déan an cleachtadh 'Focal s'agam' chun do thuiscint ar na meáin shóisialta a léiriú.*

## Cleachtadh 'Focal s'agam'

**Na Meáin Shóisialta**

**Tabhair míniú ar an bhfocal**

**Míniú le sampla**

**Cruthaigh íomhá chun fiontar a léiriú**

**An focal in abairt a bhfuil nasc aici le Staidéar Gnó**

### Ar dTús

**Smaoinigh go bhfuil meáin shóisialta éagsúla ar fáil inar féidir leat páirt a ghlacadh. Déan taighde cúramach le cinntiú go roghnaíonn tú na cinn is oiriúnaí.**




## 10 nod is fearr do na meáin shóisialta

- Tosaigh le plean agus bíodh do lucht féachana/éisteachta ar eolas agat.
- Bí iontaofa sna postálacha a chuireann tú suas
- Déan nasc idir do shuíomh idirlín féin agus do ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta, agus bíodh gné 'déan teagmháil linn' ann.
- Bíodh straitéis agat chun leantóirí a fháil saor in aisce.
- Bí mealltach: meall do chuid custaiméirí le feachtais ar na meáin shóisialta
- Déan postálacha le híomhánna agus cruthaigh ábhar a bhfuil luach air don lucht féachana/éisteachta agus a thugann eolas dóibh.
- Bí foighneach: glacann sé am ar leantóirí tuairim a chur le chéile díot.
- Úsáid haischlibeanna go cuí
- Ná bí ag cur i gcéill: tá do phearsantacht idirlín ar taispeáint
- Bíodh spraoi agat!

# Gníomhaíochtaí chun tacú leis an bhfoghlaim

## Leabhrán 'M'Fhiontar'




Cruthaigh leabhrán beag ar na meáin shóisialta

## Déan pleanáil ar chur i láthair 3 nóiméad ar na meáin shóisialta, agus cruthaigh é.

## Aimsigh fíricí fiontair.

## Féach ar chaint TED nó ar ghearrthóg YouTube ar na meáin shóisialta.

## Achoimre

**3 Liostaigh 3 eochairfhocal**

3.

2.

1.

**2 Déan taifead ar dhá rud a bhí spéisiúil duitse**

2.

1.


**1 Scríobh ceist amháin atá agat**

1.

Críochnaigh an **teimpléad eochairfhocal** ar leathanach 5.
Ar ghlac tú páirt i dtaighde? An bhfuair tú aon rud suimiúil?
Cuardaigh ar líne **'inventions made by mistake'**. An bhfuair tú aon rud suimiúil?

# Am Smaoinimh...

## Na Meáin Shóisialta: Mo Chuid Machnamh




### Bí machnamhach...Eolas a bhainistiú...

**Cad atá foghlamtha agat faoin teicneolaíocht?**

**Liostaigh na noda is fearr agus tú ag pleanáil do na meáin shóisialta.**

**Cad iad na dúshláin a bhí romhat?**

**Conas a sháraigh tú na dúshláin?**

**Cén chomhairle a thabharfá faoi na meáin shóisialta?**

**Cad é an chomhairle is fearr a fuair tú? Cén fáth?**

**Cad iad na scileanna a d'fhorbair tú?**

**Cad é an ceacht is mó ar fad a d'fhoghlaim tú?**

**An raibh tionchar ag an bhfoghlaim ar mo chuid smaointe, tuairimí nó dearcthaí faoin bhfiontraíocht?**

### Cuir tic ✓ anseo chun scileanna na sraithe sóisearaí atá foghlamtha agus forbartha agat a thaispeáint.

| Cumarsáid | A bheith liteartha | Mé féin a bhainistiú | Fanacht folláin | Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | A bheith uimheartha | A bheith cruthaitheach | Obair le daoine eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

# Bí Liteartha: Eochairfhocail

Tabhair sainmhíniú ar na téarmaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Na Meáin Shóisialta** | |
| **twitter** | |
| **Instagram** | |
| **Aip** | |
| **Excel** | |
| **Ríomhfhoghlaim** | |
| **Físchomhdháil** | |
| **Blag** | |

# Nótaí Aonad 8

Aonad 9

# Costáil, Praghsáil agus Airgeadas

Suíomhanna Gréasáin

www.studententerprise.ie

www.thinkbusiness.ie

### 1. Ríomh na costais sheasta (CS)

| Costas Seasta | € |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| a. Iomlán na gCostas Seasta | |
| b. Líon aonad/táirgí | |
| c. Costais sheasta in aghaidh an aonaid/táirge [ a roinnte ar b] | |

### 2. Ríomh na Costais Athraitheacha (CA)

| Costais Athraitheacha | € |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| a. Iomlán na gCostas Athraitheach | |
| b. Líon aonad/táirgí | |
| c. Costas athraitheach in aghaidh an aonaid/táirge | |

### 3. Costais in aghaidh an aonaid/táirge: Suimigh 'Costais sheasta in aghaidh an aonaid' agus 'Costais athraitheacha in aghaidh an aonaid'

| Costais in aghaidh an aonaid/táirge | € |
|---|---|
| a. Costais sheasta in aghaidh an aonaid/táirge | |
| b. Costais athraitheacha in aghaidh an aonaid/táirge | |
| Costas in aghaidh an aonaid [a móide b] | |

## Do Tháirge a Phraghsáil

Ceann de na cleasa chun rath fiontraíochta a bhaint amach ná praghas ceart a chur ar do chuid táirgí. Is gá go mbeadh straitéis phraghsála cheart agat. Tá go leor cineálacha straitéisí praghsála ann.

### Straitéisí Praghsála

1. **Costas móide praghsáil** – sa chás seo cuireann tú céatadán (m.sh. 10%) le costas an aonaid agus is é sin an costas díolacháin. Tugaimid 'marcáil suas' ar an gcéatadán a chuireann tú leis, mar sin bheadh marcáil suas 10% agat. Mar shampla, dá mbeadh costas €14 ar an aonad, cuireann tú 'marcáil suas' de 10% (i,e, €1.40) leis, agus bheadh praghas díolacháin de €15.40 agat.

2. **Praghsáil iomaíoch** – sa chás seo, socraíonn tú do phraghas an-chóngarach do phraghas na n-iomaitheoirí. Mar shampla, má tá na hiomaitheoirí ag gearradh €14.20, b'fhéidir go socrófá ar €14. Smaoinigh go cúramach faoin gceann seo mar go mbeidh tionchar aige ar do bhrabús.

3. **Treoirearraí caillteanais** – sa chás seo socraítear praghsanna ar chostphraghas, nó fiú faoina bhun sin, ionas go dtarraingíonn tú aird do chustaiméirí agus go ndéanann tú brabús ar rud éigin eile a cheannaíonn siad. Is gá duit a bheith cúramach nach gcuireann tú tú féin as gnó. Mar shampla, má dhíolann siopa nuachtáin faoin mbunphraghas, bíonn súil acu go gceannóidh daoine milseáin freisin, agus tá brabús níos airde le déanamh orthu sin. Ná déan dearmad áfach, mura bhfuil aon rud eile le díol agat, nach bhfuil an straitéis seo oiriúnach.

4. **Praghsáil fódaithe** – sa chás seo tá do phraghas níos airde ná an costphraghas ach níos ísle ná praghas na n-iomaitheoirí, ionas go bhfaighidh tú custaiméirí ó do chuid iomaitheoirí. Beidh an rogha agat níos déanaí an praghas a ardú agus brabús níos mó a dhéanamh. Sampla de seo is ea an chéad eagrán d'iris a thairiscint ag praghas laghdaithe ionas go gcuardaíonn daoine i siopaí é, agus ansin gearrann tú an praghas iomlán ar gach eagrán eile.

5. **Ceannaireacht praghsanna** – sa chás seo gearrann tú praghas ard mar go bhfuil rud éigin uathúil aige agus féachann daoine air mar shó/phléisiúr. Tá seans agat go leor costas a chlúdach go tapa.

6. **Idirdhealú praghsanna** – sa chás seo is féidir leat praghsanna éagsúla a ghearradh ar chustaiméirí éagsúla. Mar shampla, b'fhéidir go ngearrfá praghas níos ísle ar phinsinéirí agus mic léinn.

7. **Praghsáil chóimheá** – an aidhm atá leis an modh seo ná fáil amach an leibhéal díolacháin nach mbaineann caillteanas ná brabús leis. Tugaimid an pointe cóimheá ar an leibhéal díolacháin sin.

**Roghnaigh straitéis a oireann do do tháirge/sheirbhís. Seans gurb é an bealach is fearr ná an costas a oibriú amach agus ansin marcáil suas a chur i bhfeidhm air.**

## Airgeadas

Is cuid thábhachtach d'aon ghnó é airgeadas, agus tá sé tábhachtach go dtuigeann tú na cuntais éagsúla agus an tionchar a bhíonn ag airgeadas ar d'fhiontar.

### Taifead a choimeád – is gá dúinn na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt

1. An bhfuil **brabús** á dhéanamh againn?
2. Cé mhéad atá á **dhíol** againn?
3. Cad iad ár **gcostais**?
4. An bhfuil go leor **airgead** tirim againn? An bhfuil go leor airgid chun billí a íoc sula mbíonn siad gan íoc?

**Chun na ceisteanna seo a fhreagairt, beidh ar d'fhiontar taifead a choinneáil ar do chuid airgeadais (airgid).**

## Sreabhadh Airgid/Buiséad Airgid

Ráiteas Sreabhaidh Airgid: is uirlis thábhachtach é seo i mbainistíocht airgead an ghnó. Taispeánfaidh sé an t-airgead **réamh-mheasta** a **thiocfaidh isteach** i d'fhiontar, agus an t-airgead **réamh-mheasta** a **rachaidh amach** as an bhfiontar.

## Conas Buiséad Airgid a Ullmhú

Tá an Buiséad Airgid cosúil le **buiséad tí** a ullmhú. Úsáideann go leor gnóthaí **Teimpléad Buiséid Airgid**, de láimh, nó ar Excel nó bogearra eile.

### Airgead isteach: Admhálacha

1. Caipiteal
2. Díolacháin
3. Iasachtaí
4. Deontais
5. Duaiseanna Airgid

### Airgead Amach: Íocaíochtaí amach

1. Ceannacháin airgid
2. Ceannachán sócmhainní (trealamh)
3. Costais m.sh. cló, saothar, stáiseanóireacht srl.



## 5 Chéim chun Sreabhadh Airgid a Chruthú

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| Dréachtaigh liosta de na **hadmhálacha pleanáilte.**<br><br>Airgead isteach. | Dréachtaigh liosta de na **híocaíochtaí amach pleanáilte.**<br><br>Airgead amach. | Iomlán na bhfáltas airgid. **Glanluach airgid** = iomlán na n-íocaíochtaí airgid. | Suimigh **Airgead Tosaigh** le glanluach airgid chun **airgead deiridh** a ríomh. | Is ionann airgead deiridh ag deireadh na míosa agus airgid tosaigh ag tús na míosa dár gcionn.<br><br>Ná déan dearmad gurb ionann Airgead Tosaigh sa chéad mhí agus airgead tosaigh sa cholún 'Iomlán'. |
| **Iomlán na bhFáltas airgid** | **Iomlán na nÍocaíochtaí Airgid** | **Glanluach Airgid** | **Airgead Deiridh** | **Airgead Tosaigh** |

| | |
|---|---|
| **Céim 1** | Dréachtaigh liosta de na Fáltais Airgid (Airgead isteach) agus suimigh iad chun teacht ar Iomlán. |
| **Céim 2** | Dréachtaigh liosta de na hÍocaíochtaí Amach (Airgead amach) agus suimigh iad chun teacht ar Iomlán. |
| **Céim 3** | Iomlán na bhFáltas - Iomlán na nÍocaíochtaí = Glanluach Airgid |

| | | |
|---|---|---|
| **Glanluach airgid =** | **Iomlán na bhFáltas** | **Lúide Iomlán na nÍocaíochtaí** |

| | |
|---|---|
| **Céim 4** | Suimigh Airgead tosaigh (airgead ag tús na míosa) agus Glanluach airgid chun teacht ar Airgead Deiridh. |

| | | |
|---|---|---|
| **Airgead deiridh =** | **Airgead tosaigh** | **Móide Glanluach Airgid** |

| | |
|---|---|
| **Céim 5** | Is ionann Airgead Deiridh sa chéad mhí agus Airgead Tosaigh sa chéad mhí eile. |

Ná déan dearmad gurb ionann Airgead Tosaigh sa chéad mhí agus Airgead Tosaigh sa cholún 'Iomlán'.

## Buiséad Airgid do (Cuir isteach Ainm an Fhiontair)

| | Meán Fómhair | Deireadh Fómhair | Samhain | Nollaig | Eanáir | Feabhra | Márta | Aibreán | Bealtaine | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fáltais – Airgead isteach** | € | € | € | € | € | € | € | € | € | € |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| **1. Fáltais Iomlána (A)** | | | | | | | | | | |
| **Íocaíochtaí – Airgead Amach** | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| **2. Iomlán na nÍocaíochtaí (B)** | | | | | | | | | | |
| **3. Glanluach airgid (A-B)** | | | | | | | | | | |
| **4. Airgead tosaigh** | | | | | | | | | | |
| **5. Airgead deiridh** | | | | | | | | | | |

Is ionann colún na n-iomlán agus an t-iomlán do Mheán Fómhair go Bealtaine (9 mí)

Déan taifead ar gach **Airgead Isteach**, mí i ndiaidh míosa, agus suimigh na fáltais chun teacht ar **Iomlán na bhFáltas**.

Déan taifead ar gach **Airgead Amach**, mí i ndiaidh míosa, agus suimigh na méideanna ar fad chun teacht ar **Iomlán na nÍocaíochtaí**.

Ríomh glanluach an airgid do gach mí (1. Airgead iomlán isteach – 2. Airgead iomlán amach) [1-2]

Líon isteach Airgead Tosaigh do Mheán Fómhair agus i gcolún na n-iomlán.

Ríomh Airgead Deiridh (Glanluach airgid + airgead tosaigh) [3+4]

Nóta: Is ionann Airgead deiridh Mheán Fómhair agus Airgead Tosaigh Dheireadh Fómhair agus mar sin de.

# Buneolas faoi Ráiteas Ioncaim

**Féachaimis ar an Ráiteas Ioncaim.** Coinneoimid an-simplí é chun cuidiú leat an cuntas a thuiscint le ceannacháin agus díolacháin amháin. Dhíolamar an stoc ar fad agus rinneamar brabús.

D'fhiontar: 8 dtáirge @ €1 an ceann

Má cheannaímid (nó costas iomlán an táirgthe) na táirgí ar 50 cent an ceann = €4.
Ceannaigh = ceannacháin.
Má dhíolaimid gach ceann de na 8 dtáirge @ €1 = €8. Díol = díolacháin.
Díol €8 – Costas €4 = Brabús €4

## Bí i do Chuntasóir

**Cás 1**: Cheannaíomar 8 dtáirge le hathdhíol agus dhíolamar na 8 dtáirge.

| Ráiteas Ioncaim | | | |
|---|---|---|---|
| **Ceannacháin** | €4 | **Díolacháin** | €8 |
| **Brabús Comhlán** | €4 | | |
| | €8 | | €8 |

*Díolacháin – Ceannacháin = Brabús comhlán*

**Cás 2:** Cad a tharlódh mura ndíolfaimis ach 7 dtáirge? Tá táirge amháin fágtha, agus tá a fhios againn gur stoc é, mar sin tugaimid **Stoc ar Deireadh** air. (Cuir luach costphraghais air)

| Ráiteas Ioncaim | | | |
|---|---|---|---|
| **Ceannacháin** | **€4.00** | Díolacháin | €7.00 |
| - Stoc ar deireadh | €0.50 | | |
| Costas | €3.50 | | |
| **Brabús Comhlán** | **€3.50** | | |

*Díolacháin = 7 dtáirge @ €1 = €7*
*Ceannacháin = 8 dtáirge x 50c = €4*
*Costas €4 – Táirge amháin gan díol .50, tugaimid stoc ar deireadh air sin.*
*Stoc ar deireadh €0.50*
*Brabús = €3.50*

**Cás 3:** Cad a tharlódh dá mbeadh dhá tháirge againn ag tús na seachtaine? Cheannaíomar 8 dtáirge ón soláthraí. Dhíolamar 6 tháirge.

## Ráitis ioncaim a thuiscint

- Bhí dhá tháirge againn ag an tús = **Stoc tosaigh** 2 x .50 = €1
- Cheannaíomar an gnáthmhéid do 8 dtáirge le díol 8 x .50 = €4 (ceannaigh ar chostphraghas)
- Níor dhíolamar ach 6 tháirge. Díol ag praghas díola. 6 x €1 = €6 (Díolacháin)
- Stoc ar deireadh = 4 (2 tháirge ag an tús, móide 8 dtáirge a cheannaíomar = 10 dtáirge, 6 cinn díolta, mar sin tá 4 cinn fágtha againn).

Stoc ar deireadh, sin 4 x .50 = €2.
Ár mbrabús = ?

Smaoinigh, déantar luacháil ar stoc ag costphraghas i gcónaí.

Stoc tosaigh: 2 x .50 = €1
(costphraghas)
Ceannacháin 8 x .50 = €4
(costphraghas)
Díolacháin = 6 x €1 = €6
Stoc ar deireadh 4 tháirge x .50 = €2

Brabús = €

| Ráiteas Ioncaim | | | |
|---|---|---|---|
| Stoc Tosaigh | €1.00 | Díolacháin | €6.00 |
| + Ceannacháin | €4.00 | | |
| | €5.00 | | |
| - Stoc ar Deireadh | €2.00 | | |
| Costas na n-earraí a díoladh | €3.00 | | |
| **Brabús Comhlán** | **€3.00** | | |

Smaoinigh, is ionann **Brabús Comhlán agus díolacháin lúide costas na ndíolachán.**

Costas na ndíolachán = Stoc tosaigh móide Ceannacháin – Stoc ar deireadh.

Uaireanta, b'fhéidir go mbeadh earraí ar ais agat. Sa chás gur cheannaigh custaiméir táirge agus nach raibh sé sásta leis, ansin chuirfeadh sé ar ais é agus thiocfadh laghdú ar na díolacháin.

**Díolacháin** - Earraí ar Ais = Fíordhíolacháin.

Mar an gcéanna le ceannacháin, uaireanta b'fhéidir go mbeadh ort earraí a cheannaigh tú ó do sholáthraí a thabhairt ar ais. B'fhéidir go mbeadh damáiste déanta dóibh nó b'fhéidir gur chuir siad 10 dtáirge in ionad 8 gcinn chugat.

**Ceannacháin** lúide ceannacháin ar ais = Fíorcheannacháin

Uaireanta agus tú ag iompórtáil, b'fhéidir go mbeadh ort iompar a íoc ar cheannacháin, ar a dtugaimid carraeireacht isteach, nó dleacht chustam má tá tú ag iompórtáil ó thír eile. Cuirfear an dá chostas le do cheannacháin. Cén fáth? Mar is costas breise ar na ceannacháin iad.

Ní hionann **Brabús Comhlán** agus an fíorbhrabús, mar go mbeidh costais ort an gnó a reáchtáil agus baineann na costais sin den bhrabús.


Baintear costais – amhail árachas, cíos, rátaí, tuarastail, lascainí agus **dímheas** – baintear iad sin ón mbrabús comhlán chun an **glanbhrabús** a fháil.

## Teimpléad don Ráiteas Ioncaim

I Meán Fómhair, ullmhaigh réamh-mheastacháin. Coinnigh taifid agus i Márta, taispeáin an Fíor-ráiteas Sreabhaidh Airgid. Bain leas as Excel agus ansin leasaigh an Sreabhadh Airgid chun an fíorshreabhadh a thaispeáint.

| Ráiteas Ioncaim do [cuir isteach ainm an fhiontair] don bhliain dár críoch [cuir isteach dáta] | | | |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Díolacháin** | | x | |
| **Díolacháin ar ais** | | x | x |
| ***Lúide* Costas na nDíolachán** | | | |
| Stoc Tosaigh 1-1-1 | | x | |
| Ceannacháin | x | | |
| ***Lúide*** Ceannacháin ar ais | x | | |
| Glancheannacháin | | x | |
| **Costas na n-earraí atá le díol** | | x | |
| ***Lúide* stoc ar deireadh** | | x | |
| **Costas na ndíolachán** | | | x |
| **Brabús comhlán** | | | x |
| **Móide gnóthachain** | | | |
| | | | |
| | | | x |
| ***Lúide* Costais** | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| **Costais iomlána** | | | |
| **Glanbhrabús** | | | |

Teimpléad don Ráiteas Ioncaim.
Féach ar fhillteán na dteimpléad ar líne chun teacht ar thuilleadh sonraí.



# Bí Liteartha: Eochairfhocail

Tabhair sainmhíniú ar na téarmaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Costais Sheasta** | |
| **Costais Athraitheacha** | |
| **Buiséad Airgid** | |
| **Airgead Tosaigh** | |
| **Airgead Deiridh** | |
| **Ráiteas Ioncaim** | |
| **Stoc ar Deireadh** | |
| **Stoc Tosaigh** | |

# Achoimre Cuntas

Téigh siar ar an scéim mharcála do riachtanais airgeadais.

B'fhéidir go roghnóidh tú cuntais bhreise a thaispeáint in aguisíní.

### 1. Ráiteas ioncaim:

- An t-ioncam a thuilleamar
- Na costais a bhí orainn
- An ndearnamar brabús nó caillteanas?

**Ráiteas Ioncaim:**
pictiúr d'ioncam an ghnó i gcomparáid le costais an ghnó.
Taispeánann sé an brabús.

Dhá phríomhroinn:

1. Ioncam ó dhíolacháin. Díolacháin/Ioncam ar barr i gcónaí.
2. Costas na n-earraí a díoladh: an méid a chaith tú chun na hearraí atá á ndíol agat le custaiméirí a cheannach...
   Lúide costas na n-earraí díolta ó Ioncam.

**Brabús Comhlán:** an méid atá fágtha ag an ngnó, tar éis duit costas na ndíolachán a bhaint den Ioncam.

Ansin, tá na **costais**. Baineann siad seo le reáchtáil laethúil an ghnó. Beidh leictreachas, cíos, árachas agus mar sin de san áireamh.

Baintear na costais den Bhrabús Comhlán.

Is é **Glanbhrabús** croílár an ghnó – brabús a dhéanamh. Má tá na costais níos airde, bheadh caillteanas comhlán i gceist.

### 2. Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Is cuntas é seo. Is **liosta sócmhainní agus dliteanas** é.
Tá Ráiteas ar Staid an Airgeadais bunaithe ar an am i láthair, m.sh. má tá sé ag 31 Nollaig, 2022, sin an dáta a chríochnaíonn do bhliain airgeadais.
Is grianghraf airgeadais é de do ghnó ar an dáta sin, a léiríonn an méid atá **i seilbh** an ghnó agus an méid atá **le híoc** aige.

Níl gá leis an Ráiteas ar Staid an Airgeadais, ach b'fhéidir go socróidh tú ceann a dhéanamh.

### 3. Sreabhadh Airgid

- An méid airgid atá againn
- Méid an airgid a íocann muid amach
- Teacht ar airgead, ar eagla na heagla. Is gá dúinn billí a íoc agus iad dlite.

# Gníomhaíochtaí chun tacú leis an bhfoghlaim

## Leabhrán 'M'Fhiontar'




Cruthaigh leabhrán beag ar airgeadas.

## Déan pleanáil ar chur i láthair 3 nóiméad ar Ráiteas Ioncaim, agus cruthaigh é.

## Aimsigh fíricí fiontair

## Féach ar chaint TED nó ar ghearrthóg YouTube ar Chostas Aonad

## Achoimre

**3 Liostaigh 3 eochairfhocal**

3.

2.

1.

**2 Déan taifead ar dhá rud a bhí spéisiúil duitse**

2.

1.


**1 Scríobh ceist amháin atá agat**

1.

- Críochnaigh an **teimpléad eochairfhocal**.
- Ar ghlac tú páirt i dtaighde? An bhfuair tú aon rud suimiúil?
- Cuardaigh ar líne **'inventions made by mistake'**. An bhfuair tú aon rud suimiúil?

## Am Smaoinimh...

### Costáil, Praghsáil agus Airgeadas: Mo Chuid Machnamh




**Bí machnamhach...Bí uimhriúil...**

**Scríobh síos na príomhphointí a bhaineann le táirge a chostáil.**

**Cad iad na straitéisí éagsúla praghsála?**

**Liostaigh na scileanna a d'úsáid tú.**

**Pléigh an Buiséad/Réamhaisnéis Sreabhaidh Airgid.**

**Mínigh an Ráiteas Ioncaim**

**Cuir tic ✓ anseo chun scileanna na sraithe sóisearaí atá foghlamtha agus forbartha agat a thaispeáint.**

| Cumarsáid | A bheith liteartha | Mé féin a bhainistiú | Fanacht folláin | Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | A bheith uimheartha | A bheith cruthaitheach | Obair le daoine eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

# Nótaí Aonad 9

Aonad 10

# Póstaeir Fiontair

**Suíomhanna Gréasáin**

www.studententerprise.ie

**Déan é!**

Bain leas as an teimpléad 'Focal s'agam' chun tuiscint ar Phlean Gnó a léiriú, agus déan é a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs Chlár Fiontair an Scoláire.

## Cleachtadh 'Focal s'agam'

| | |
|---|---|
| **Tabhair míniú ar an bhfocal** | **Míniú le sampla** |
| **Póstaer Fiontair** | |
| **Cruthaigh íomhá chun fiontar a léiriú** | **An focal in abairt a bhfuil nasc aici le Staidéar Gnó** |

## Póstaer Fiontair: Plean 10 bPointe

| | |
|---|---|
| **1. Acmhainní** | • Daoine/maoiniú – caipiteal, cad as ar tháinig sé? |
| **2. Táirgeadh** | • Taighde agus an próiseas. An raibh aon bhac ann?<br>• Maoin intleachtúil – conas a phléigh tú leis seo? |
| **3. Taighde Margaidh** | • Taighde margaidh: Cad iad na cineálacha taighde margaidh a rinne tú? Cad iad na torthaí a bhí air? (Úsáid graif agus cairteacha).<br>• Conas a d'athraigh tú an táirge/tseirbhís de bharr taighde margaidh? Cad iad na torthaí a fuair tú? Pléigh conas a d'aithin tú na hiomaitheoirí agus cé hiad. |

| | |
|---|---|
| **4. Deighilt an Mhargaidh** | • Cé hiad do spriocmhargadh...áitiúil, náisiúnta, domhanda? |
| **5. Cumasc Margaíochta** | • **Táirge** – dearadh, caighdeán<br>• **Praghas** – costas, praghas díola agus straitéis<br>• **Promóisean** – na meáin shóisialta agus tairiscintí<br>• **Áit** – bealach chun do tháirgí/sheirbhís a dhíol |
| **6. Gnéithe Uathúla Díolacháin** | • Cad a dhéanann do tháirge/sheirbhís éagsúil? |
| **7. Airgeadas** | • Caipiteal<br>• Díolacháin Iomlána, Costais Iomlána agus Brabús Iomlán<br>• Iomlán an Airgid Isteach/Iomlán an Airgid Amach/Airgead Glan/ Airgead Tosaigh agus Airgead Deiridh. |
| **8.Fadhbanna** | • Liostaigh fadhbanna agus abair conas a sháraigh tú iad. |
| **9. Scileanna** | • Na scileanna a d'fhorbair tú, príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí go háirithe. |
| **10. Ceachtanna Foghlamtha** | • An leanfaidh tú le d'fhiontar? Cad a dhéanfá ar bhealach éagsúil? Cén chomhairle a thabharfá? An smaoineofá ar fhiontraíocht amach anseo? |

**Téigh siar ar an rannóg 'Cumarsáid' i gCaibidil 3 agus déan cleachtadh ar do Phóstaer Fiontair a chur i láthair.**

# Plean Póstaeir Fiontair

### 2 Táirgeadh

### 3 Taighde Margaidh
- Deasc
- Allamuigh
- Torthaí

### Ainm an Fhiontair

### 4 Deighilt Custaiméirí
- Spriocmhargadh

### 5 Cumasc Margaíochta
- Táirge:
- Praghas:
- Promóisean:
- Áit:

### 1 Acmhainní
- Daoine
- Airgeadas
- Eile

### Eitic

### Smaoineamh Fiontair

### Inbhuanaitheacht

### 6 Grianghraif

### Gnéithe Uathúla Díolacháin

### 10 Ceachtanna Foghlamtha

### 9 Scileanna

### 8 Fadhbanna

### 7


| Airgeadas | |
|---|---|
| Caipiteal | |

| Cuntais Dheiridh | |
|---|---|
| Díolacháin | |
| Costais | |
| Brabús | |

| Sreabhadh Airgid | |
|---|---|
| Airgead isteach | |
| Airgead amach | |
| Airgead glan | |
| Airgead tosaigh | |
| Airgeadh deiridh | |

# Am Smaoinimh...

Mo Chuid Machnamh...




## Bí machnamhach...Téigh siar ar do chuid machnamh...

**Cad atá foghlamtha agat trí pháirt a ghlacadh i gClár Fiontair an Scoláire?**

**Scríobh achoimre ar an mbealach ar oibrigh sibh mar fhoireann, nó ar oibrigh tú mar dhuine aonair.**

**Cad iad na dúshláin a bhí romhat?**

**Conas a sháraigh tú na dúshláin sin?**

**An leanfaidh tú den trádáil? Pléigh do chuid pleananna don todhchaí.**

**Cén chomhairle a chuirfeá ar scoláire atá ag tosú ar an gclár seo?**

**Cad é an chomhairle ab fhearr a fuair tú féin? Cén fáth?**

**Cad iad na scileanna a d’fhorbair tú?**

**Cad é an ceacht is mó a d’fhoghlaim tú?**

**An raibh tionchar ag an bhfoghlaim ar mo chuid smaointe, tuairimí nó dearcthaí i leith fiontraíochta?**

## Cuir tic ✓ anseo chun scileanna na sraithe sóisearaí atá foghlamtha agus forbartha agat a thaispeáint.

| Cumarsáid | A bheith liteartha | Mé féin a bhainistiú | Fanacht folláin | Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | A bheith uimheartha | A bheith cruthaitheach | Obair le daoine eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

# Nótaí Aonad 10

Oifig Fiontair Áitiúil

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
European Regional Development Fund

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

In partnership with

Enterprise Ireland

Údaráis Áitiúla Éireann
Local Authorities Ireland